
# Bua stairiúil ag an nGaeltacht

Eochairfhocail: an ceann is fearr, ní neart go cur le chéile, bailithe, ag feitheamh, príomhchathair

Príomhscileanna: éisteacht, scríbhneoireacht, léitheoireacht, labhairt

**Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna a bhaineann leis:**

1. Cén áit a raibh Foireann na Gaeltachta ag ceiliúradh?
2. Cén fhoireann a bhí ina coinne?
3. Cén bhliain ar cheap Feargal Ó Sé go raibh seans na Gaeltachta caillte?
4. Céard a dúirt Captaen na Foirne, Franz Sauerland, faoi thacaíocht an phobail?



**Anois, tar éis duit breathnú ar an mír sin an féidir leat a rá an bhfuil na habairtí seo fíor nó bréagach?**

1. Is craobh de chuid Chumann Lúthchleas Gael í An Ghaeltacht.
2. Tá an Ghaeltacht suite i Sligeach.
3. Tá a lán imreoirí stairiúla tar éis imirt leis an gclub cosúil le Páidí Ó Sé.
4. Bhuaigh an club craobh idirchontae na bliana seo.

**Le plé le do chara in aice leat…**

- Ar bhreathnaigh tú ar an gcluiche sin?
- An maith leat breathnú ar chluichí de chuid CLG?
- Ar fhreastail tú ar chluiche CLG i bPáirc an Chrócaigh cheana? Cén ceann?
- An imríonn tú peil? Labhair faoi sin.



# Na Freagraí

1. Páirc Ghallaros na Gaeltachta in Iarthar Chorca Duibhne
2. Gleann an Iolair ó Dhoire
3. 2004
4. Go raibh an fhuaim uathu dochreidte ar fad. Lá thar laethanta.

1. Fíor
2. Bréagach.
3. Fíor
4. Bréagach

